CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# Ceanglais theicniúla agus moltaí praiticiúla d'ionadaithe atá ag glacadh páirt sa chuid ó bhéal de na h-imeachtaí trí fhíschomhdháil

## Meán Fómhair 2024

D'ullmhaigh Clárlanna na Cúirte Bhreithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, Stiúrthóireacht Ateangaireachta agus Stiúrthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an doiciméad seo le chéile agus dírítear é ar páirtithe agus ionadaithe ar mian leo páirt a ghlacadh in éisteacht trí fhíschomhdháil. Soiléirítear na ceanglais teicniúla is gá d'fhíschomháil (I) agus déantar roinnt moltaí praiticiúla ann atá riachtanach, lena meas ag na páirtithe, le haghaidh ullmhúchán agus sheoladh cuí na n-éisteachtaí.

### I. CEANGLAIS THEICNIÚLA

Ní féidir físchomhdháil a úsáid le haghaigh éisteachta ach amháin nuair a chomhlíontar ceanglais theicniúla áirithe. Tá sé ríthábhachtach mar sin a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sa doiciméad seo.

<u>Trealamh teicniúil riachtanach</u>

1. Ní cheadaítear ach naisc lena n-úsáidtear **prótacail ghlaonna H.323, SIP nó WWebRTC**. Is prótacail iad H.323 agus SIP a úsáidtear go sonrach chun físghlaonna a dhéanamh agus áirítear leo an leibhéal is fear cobhsaíochta agus slándála do na naisc;

2. Ní cheadaítear ardán bogearraí ná aon chóras cruinnithe eile atá bunaithe go heisiach ar ríomhchlár a úsáid;

3. Ní cheadaítear naisc trí ghléasanna soghluaiste ar nós fóin chliste;

4. Is tosca an-tábhachtach iad meáncháilíocht fuaime agus íomhá chomh maith le nasc idirlín le haghaidh sheoladh cuí na héisteachta. Caithfear measúnú a dhéanamh orthu i gcónaí tríd an dá thástáil (teicniúil agus ateangaireacht) a dhéanfar roimh an éisteacht a thionól.

# II. MOLTAÍ praiticiúla

Nuair a thugtar cead do pháirtí nó d’ionadaí páirtí nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta freastal ar éisteacht trí fhíschomhdháil, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh, chun go mbeidh rannpháirtíocht ar na héisteachta sin ar an gcaoi is fearr is féidir, le hateangaireacht chomhuaineach nó gan í.

## Ullmhúchán chun páirt a ghlacadh in éisteacht trí fhíschomhdháil

1. Ní mór go mbeadh fuaimíocht ar ardchaighdeán ar fáil sa seomra a roghnaíonn an páirtí nó an t-ionadaí le húsáid agus iad ag pléadáil ó chian.

2. Ní mór go mbeadh **soilsiú** leordhóthanach sa seomra ionas go léireofaí dathanna a bheaichte is féidir.

3. Moltar **micreafón** aontreoch a úsáid. Piocann an cineál micreafóin seo fuaim suas a thagann go príomha ó threo amháin agus laghdaíonn sé torann timpeallach agus feabhsóidh sé caighdeán an fhuaimchomhartha a sheoltar chuig na rannpháirtithe éagsúla san éisteacht agus chuig na hateangairí i gcás ateangaireacht chomhuaineach.





4. Iarrtar ar an pháirtí nó ar an ionadaí atá ag pléadáil ó chian seasamh os comhair an cheamara ar bhealach inar féidir uachtair an choirp agus aghaidh an ionadaí a fheiceáil, mar atá san íomhá thíos. Moltar léachtán a úsáid. Tá sé rí-thábhachtach uillinn an cheamara atá ró-ard nó ró-íseal a sheachaint. Ní mór go mbeadh an cúlra taobh thiar don chainteoir a neodraí is féidir.



5. Ní mór go mbeadh ainmchlár soléite os comhair páirtí nó ionadaí atá ag pléadáil ó chian.

6. Ní mór go mbeadh go mbeadh fón líne talún ag feidhmiú sa seomra ionas go bhféadfaí cumarsáid a dhéanamh le seirbhísí teicniúla Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás go dteipfeadh ar an nasc.

7. Eagróidh seirbhísí na hinstitiúide tástáil theicniúil agus léirithe roimh ré, chun a fhíorú go chomhlíontar na coinníollacha sin.

## Lá na héisteachta trí fhíschomhdháil

8. Ní mór don pháirtí nó don ionadaí atá ag pléadáil ó chian nascadh a dhéanamh ó chian agus tástálacha teicniúla a dhéanamh nach dhéanaí ach leath uair a chloig roimh thús na héisteachta. Mura n-éiríonn leis na tástálacha teicniúla sin, déanfaidh Uachtarán na foirmíochta cinneadh maidir leis an gcéad chéim eile.

9. Ar lá na héisteachta, bainfidh seirbhísí teicniúla Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh úsáid as sonraí teagmhála an duine teagmhála a chuir an páirtí nó an


t-ionadaí ar fáil don Chlárlann mar chuid den iarratas ar úsáid an chórais físchomhdhála i gcás dínasctha nó deacracht theicniúil eile le linn na héisteachta.

10. I gcás ina mbainfear úsáid as físchomhdháil in éisteacht, ní thabharfar cuireadh do pháirtithe agus d'ionadaithe (iad siúd atá i láthair sa seomra cúirte agus iad siúd atá ag pléadáil ó chian araon) chuig an gcruinniú gearr leis na breithiúna agus le cláraitheoir na héisteachta a eagraítear de ghnáth roimh thús gach éisteachta.

11. Sula gcuirfear tús leis an éisteacht, déanann uiséir na héisteachta nó, de réir mar a bheidh, cláraitheoir na héisteachta, taifead de cé atá i láthair agus iarrfaidh siad ar na páirtithe agus ar na hionadaithe a bheidh ag pléadáil ó chian, sa chás ina mbeidh níos mó ná duine amháin i gceist, cé acu a bheidh ag labhairt le linn na héisteachta.

12. Maidir le páirtí nó ionadaí atá ag pléadáil ó chian:

- Feicfidh sé an cainteoir i seomra na cúirte nuair atá sé i mbun cainte;







**Grianghraif 1 agus 2: Radharcanna éagsúla ar na cainteoirí**

- feicfidh sé seomra iomlán na cúirte nuair nach bhfuil aon duine i mbun cainte



**Radharc leathan ar sheomra na cúirte**

- beidh sé feiceálach do pháirtithe agus d'ionadaithe eile chomh maith leis an bpobal ar an scáileán teilgeora sa seomra;



**Radharc ar an gcianláthair ar an scáileán teilgeora i seomra na cúirte**

- beidh sé feiceálach do bhreithiúna agus d'ateangairí ar na scáileáin indibhidiúla.



**Radharc ar an gcianláthair ar scáileán na mBreithiúna nó na n-ateangairí**

## Le linn na héisteachta trí fhíschomhdháil

13. Ní mór do pháirtí nó d’ionadaí atá ag pléadáil ó chian in éisteacht a chinntiú go mbeidh an chianláthair óna bhfuil siad ag labhairt ciúin agus socair.

14. Ní mór don ionadaí aon fhuaimeanna fógra, spárálaí scáileáin nó coigilteoir fuinnimh ar bith ar ghléasanna leictreonacha atá sa chianláthair a d’fhéadfaí teacht ar siúl linn agus an t-ionadaí ag caint a chur as feidhm (moltar go ndéanfaidh teicneoir é seo a fhíorú roimh ré).

15. Ní mór don ionadaí a guthán póca a múchadh nó a chur ar mhodh ‘eitleáin’ (ní chuirtear stop le trasnaíocht leis an modh ‘tostach’) agus fón línte talún sa seomra a bhalbhú.

16. Nuair a thugann Uachtarán an Dlísheomra cead cainte don pháirtí nó don ionadaí, ní mór dóibh an micreafón a chur caol díreach os a comhair amach (fágtar achar 30 go 40 cm os comhair an ionadaí). Cinnteoidh an t-ionadaí nach bhfuil aon rud eatarthu agus an micreafón agus ní chnagfar ar an micreafón leis an bhfuaim a thástáil i ndiaidh é a lasadh. Moltar don ionadaí gan bheith ag útamáil le páipéir agus an micreafón lasta agus cinnteoidh an t-ionadaí nach lasfar an micreafón ach amháin nuair a thabharfar cead cainte dóibh.

17. Nuair atá páirtí nó ionadaí ag labhairt, ní mór dó amharc caol díreach ar an gceamara os a chomhair amach.

18. Moltar gothaí móra agus corraí coirp a sheachaint.

19. Ba cheart don ionadaí labhairt go soiléir de luas stuama, go saor nó le nótaí nó pointí le hurchar. Is fearr gan téacs a léamh. Le linn plé, níor chóir d’ionadaí cuir isteach ar chainteoir eile.

20. Ní féidir leis an bpáirtí nó ionadaí atá ag pléadáil ó chian labhairt ach amháin i dteanga an chainéil ateangaireachta a fhaigheann sé nó sí. Is ionann an teanga sin agus an teanga ina bhfuil an t-ionadaí údaraithe pléadáil a dhéanamh faoi Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

21. Ag deireadh a chuid cainte, múchfaidh an páirtí nó an t-ionadaí atá ag pléadáil ó chian a mhicreafón.